Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2026
(OR. en)

10733/26

LIMITE

CORLX 644
CFSP/PESC 942
CSDP/PSDC 401
COEST 490
CSC 424
CIVCOM 162

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena seoltar Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2026/894 |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**Lena seoltar Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2026/894**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/894 ón gComhairle an 21 Aibreán 2026 maidir le Misean Comhpháirtíochta de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia)[1],

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L, 2026/894, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Aibreán 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/894.

(2) An 17 Meitheamh 2026, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an Plean Oibríochta maidir le Misean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) a fhormheas.

(3) De thoradh ar mholadh ó Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUPM Armenia agus ar bhaint amach cumais oibriúcháin tosaigh, ba cheart EUPM Armenia a sheoladh an 13 Iúil 2026.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2026/894 leagtar amach méid tagartha airgeadais chun an caiteachas a bhaineann le EUPM Armenia a chumhdach le haghaidh na chéad cheithre mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin. Ba cheart an méid tagartha sin a athbhreithniú chun fad sainordú EUPM Armenia a chumhdach, i.e. go dtí an 12 Iúil 2028. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2026/894 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUPM Armenia i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Plean Oibríochta maidir le Misean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUPM Armenia) a fhormheas.

*Airteagal 2*

Seolfar EUPM Armenia an 13 Iúil 2026.

*Airteagal 3*

Leis seo, údaraítear Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUPM Armenia, le héifeacht láithreach, tús a chur le forghníomhú EUPM Armenia.

*Airteagal 4*

In Airteagal 13 de Chinneadh (CBES) 2026/894, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. EUR 14 947 077,57 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a cheaptar chun an caiteachas a bhaineann le EUPM Armenia a chumhdach ar feadh na tréimhse ón 21 Aibreán 2026 go dtí an 12 July 2028. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d’aon tréimhse ina dhiaidh sin.’.

PUBLIC

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC